An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Bhliantúil 2021

C: 16.06.22: 5b

Meitheamh 2022

# An Clár Ábhar

*Brollach* **5**

*Réamhrá* **9**

*2. Dul chun cinn obair CNCM in 2021* **20**

*3. Maidir le CNCM* **44**

Fís 44

Misean 44

Rialachas 44

Freagrachtaí na Comhairle 45

Struchtúr na Comhairle 48

Cothromaíocht Inscne i mballraíocht na Comhairle 51

Soláthar Glas agus Éifeachtúlacht Fuinnimh 51

Comhionannas agus Cearta Daonna 52

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca 53

An Coiste Rialachais 53

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas 54

Príomhathruithe Pearsanra 56

Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) **57**

Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma a fhaigheann Fostaithe **58**

An Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú **58**

Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla 59

Costais Chomhairliúcháin 59

Táillí gairmiúla agus comhairliúcháin 60

Caiteachas Fáilteachais 60

Cosaint Leanaí **61**

**Foireann** 61

**Boird agus Grúpaí Forbartha** 65

**Airgeadas** 65

**Aguisín 1: Cruinnithe CNCM in 2021** 67

**Aguisín 2: Cuir i láthair CNCM (rogha) in 2021** 69

**Aguisín 3: Tuarascáil ar nochtadh cosanta** 71

**Aguisín 4: An Ráiteas ar Rialú Inmheánach** 72

Raon na Freagrachta 72

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh 72

CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh 72

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca 74

Rialú Inmheánach 74

Creat Riosca agus Rialaithe 77

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach 78

Tuarastail agus Pá 79

Soláthar 79

Athbhreithniú ar Éifeachtacht 80

Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach 80

# Brollach

Bliain aisteach a bhí in 2021, tráth a bhí tionchar ag paindéim an Choróinvíris ar gach uile ghné dár saol. Mar sin féin, d'éirigh le foireann CNCM agus le baill na Comhairle athruithe a dhéanamh chun a chinntiú gur leanadh den obair churaclaim agus mheasúnaithe agus d'fhoilsigh sí acmhainní agus cuireadh taighde i gcrích chun tacú le múinteoirí agus le tuismitheoirí leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ó bhaile.

In ainneoin na paindéime, bhíomar ag leanúint le taighde ceannródaíoch agus choinníomar súil ar fhorbairtí idirnáisiúnta mar bhonn fianaise dár n-obair féin chun curaclaim a fhorbairt agus a athbhreithniú, d'fhonn caighdeáin arda cáilíochta, cothroime agus ionchuimsithe, cleachtas maith oideachasúil agus ábharthacht do chuspóirí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha náisiúnta a chur chun cinn. Leanadh leis an ngearradh siar ar ár gcomhairliúcháin le scoileanna mar gheall ar na dúshláin a bhí roimh cheannairí scoile agus múinteoirí le teagasc ó bhaile agus le filleadh ar an scoil agus dul i ngleic le foghlaimeoirí agus le tuismitheoirí.

In ainneoin na ndúshlán seo, cuimsíonn Tuarascáil Bhliantúil 2021 méid na hoibre a rinne an Chomhairle agus foireann CNCM, Meithleacha Forbartha agus Boird. Ar na pacáistí oibre móra bhí tús á chur le nuashonrú *d'Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus críoch á cur le Céim a hAon den chomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Sa tsraith Shóisearach, d'fhoilsíomar Treoirlínte Folláine nuashonraithe agus chuireamar sonraíocht churaclaim nua i gcrích le haghaidh Corpoideachais. Tar éis roinnt blianta de chomhairliúchán lenár gcomhpháirtithe oideachais d'fhaomhamar *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach* agus chuireamar i láthair don Aire í. Tá áthas orainn gur fhoilsigh sí an tuarascáil agus gur chuir sí a cuid pleananna i láthair don tSraith Shinsearach, atá bunaithe den chuid is mó ar Thuarascáil na Comhairle agus ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta. Chuireamar treoir ar fáil faoi ullmhúchán i gcomhair teagaisc agus foghlama i scoileanna náisiúnta, samplaí d'obair na scoláirí agus rudaí measúnaithe d'ábhair na sraithe sóisearaí; agus chuireamar le socruithe measúnaithe do na scrúduithe Ardteistiméireachta don scoilbhliain 2021/2022.

Leanann CNCM a bheith ar an eolas faoi dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus cuireann sé le bonn eolais a chur faoi thaighde náisiúnta. D'fhoilsíomar an tríú tuarascáil ó *Shaol Scoile Páistí*, staidéar fadama ar pháistí i mbunscoil; cuireadh crích leis an gcéad bhliain de staidéar ar *Thionchar agus Cur i bhfeidhm Chreat don tSraith Shóisearach*; agus cuireadh tús le taighde chun tacú le nuashonrú *Aistear*.

Leanann an Chomhairle ag cloí leis na caighdeáin is airde de Rialachas Corparáideach. Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach obair rialachais chorparáidigh CNCM. I mbliana chuireamar féinathbhreithniú na Comhairle i gcrích le cúnamh ó Rialachas Éireann agus athbhreithniú straitéiseach, seachtrach a rinne an Foras Riaracháin a mhaoirsiú. Léiríonn na torthaí ó gach aon cheann de na hathbhreithnithe seo Comhairle ghairmiúil agus ardéifeachtach a oibríonn go maith le chéile chun tacú le córas oideachais na hÉireann agus leis na páistí ar a bhfreastalaíonn siad ar go leor suíomhanna. Rinneamar roinnt beartas de chuid na Comhairle a athbhreithniú agus a nuashonrú, lena n-áirítear an Beartas um Nochtuithe Cosanta, an Beartas um Shócmhainn Sheasta agus an Beartas um Sholáthar. Bhí folláine foirne mar phríomhthosaíocht lena chinntiú go bhfanann an fhoireann nasctha agus go bhfuil siad ag fáil tacaíochta le linn tréimhsí oibre ón mbaile, agus tréimhsí ar iasacht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ba phríomhghné dár gcuid oibre ná dréacht de Phlean Straitéiseach nua do CNCM a chuireann fís agus treoir ar fáil don téarma nua den Chomhairle. Ar deireadh, tá Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Airgeadais le haghaidh 2021 mar a leagtar amach iad sa 'Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016' le fáil mar aguisíní leis an tuarascáil.

Ní fhéadfaí obair atá chomh fairsing leis seo a dhéanamh murach tiomantas na Comhairle, a boird agus a meithleacha forbartha, a páirtithe leasmhara agus a foireann. Tá a suim agus a dtiomantas d'fhorbairt curaclaim i gcroílár sholáthar rathúil na hoibre ríthábhachtaí a dhéanann CNCM. Tá an t-ádh dearg linn freisin in CNCM go bhfuil Feidhmeannach agus foireann againn ar chinntigh a saineolas, díograis, agus tiomantas láidir gur cuireadh an clár oibre le haghaidh 2021 a bhí dúshlánach agus forleathan i gcrích. Ba mhaith liom, mar Chathaoirleach CNCM, buíochas a ghabháil leis na Leas-Chathaoirligh a bhí agam, Michael Redmond agus Deirbhile Nic Craith, agus comhaltaí uile ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ár gCoiste Rialachais, as an méid a rinne siad, obair stuama agus bhisiúil, ar

cheisteanna casta maidir le curaclam agus measúnú agus rialachas corparáideach, go háirithe le linn na paindéime. Chuir Deirbhile agus Michael ceannasaíocht ar fáil freisin mar Chathaoirligh do na Boird don Luath-Óige, don Bhunscoil, agus don tSraith Shinsearach, faoi seach.

Cuireadh tús leis an téarma nua ceithre bliana den Chomhairle an 1 Márta 2022. Leis sin tháinig líon ball nua ar an mbord de chuid na Comhairle agus d'fhág roinnt ball. Glacaim buíochas leis na baill atá ag fágáil as an obair shuntasach a rinne siad don Chomhairle le linn a dtéarmaí oifige, go háirithe Deirbhile Nic Craith mar Leas-Chathaoirleach den Chomhairle agus mar Chathaoirleach Rialachais. Tá áthas orm fáilte a chur roimh ár mbaill nua sa Chomhairle agus tá siad ag roinnt a gcuid taithí chun an obair thábhachtach in CNCM a bhogadh ar aghaidh. Maidir le coigeartuithe ar an bplean oibre agus ar leaganacha amach cruinnithe, bhí solúbthacht agus cruthaitheacht ag teastáil uainn ar fad agus d'éirigh linn an méid sin a bhaint amach. Leanann an tiomantas atá ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CNCM, Arlene Forster, a Feidhmeannach, agus a foireann d'obair thábhachtach na Comhairle ar aghaidh ar bhealach gairmiúil agus eiseamláireach. Is dea-chomhartha é do théarma na Comhairle a bheidh le theacht. Guím gach dea-ghuí leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, lena foireann agus leis an gCathaoirleach le linn an téarma dhúshlánaigh seo don Chomhairle. Baineann sceitimíní leis an téarma nua, mar sin féin.

Is mise, le meas,

________________________

Mary O'Sullivan

Cathaoirleach

# Réamhrá

Tar éis bliain an-dúshlánach ina raibh paindéim dhomhanda mar thoradh ar an gCoróinvíreas, bhí deacrachtaí ag baint leis an gcóras oideachais in 2021. D'oibrigh na pobail scoile agus luathóige go dian chun tacú le folláine daoine óga agus a bhfoghlaim, lena n-áirítear tréimhse bhreise de scolaíocht ón mbaile.

Ar nós go leor eagraíochtaí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha, lean CNCM ag obair ón mbaile den chuid is mó ar feadh tréimhsí suntasacha i gcaitheamh na bliana. Mar fhreagra ar an riachtanas le haghaidh níos mó tacaíochta do scoileanna agus suíomhanna luathóige chun fanacht oscailte agus sábháilte, iarradh ar CNCM foireann a athshannadh go Foirne Tacaíochta do Scoileanna de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Chuir os cionn 70% d'fhoireann ar fud na heagraíochta leis an obair thábhachtach seo ar bhonn deonach ar feadh tréimhsí ama idir Aibreán agus Deireadh Fómhair 2021. Mar bhaill de na Foirne FSS, d'oibrigh foireann CNCM go dlúth le príomhoidí scoile agus bainisteoirí luathóige chun cabhrú leo freagairt go cuí nuair a deimhníodh cásanna COVID. Bhí an leibhéal seo d'athshannadh suntasach agus bhí tionchar díreach aige ar obair churaclaim agus mheasúnaithe CNCM. Bhí gá le filleadh ar an bPlean Oibre agus rinneadh coigeartú air líon uaireanta.

Sa chomhthéacs athraitheach agus éiginnte seo rinne CNCM dul chun cinn san obair ar bhealach freagrúil agus íogair. Fiú leis an riachtanas filleadh ar an bPlean Oibre agus fráma ama na dtionscadal a athrú, obair ar leith a stopadh nó a chur siar go dtí an chéad scoilbhliain eile agus obair nua a ghlacadh, rinneadh dul chun cinn suntasach ar fud na n-earnálacha ar fad. Tá cuntas ar fáil den obair seo i dTuarascáil Bhliantúil 2021. Tugtar buaicphointí sna grafaicí faisnéise ar leathanaigh 10-15 faoi na Ceannteidil seo a leanas: Luathóige, Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Seirbhísí Trasearnálacha agus Seirbhísí Corparáideacha. I measc na rudaí ba shuntasaí a rinneadh, chuir CNCM tús le próiseas chun nuashonrú a dhéanamh ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus cuireadh críoch le céim a 1 den chomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Sa tsraith shóisearach, d'fhoilsíomar Treoirlínte Folláine nuashonraithe agus chuireamar sonraíocht curaclaim 135 uair an chloig i gcrích le haghaidh Corpoideachais. Sa tsraith shinsearach, d'oibríomar go dlúth

leis na comhpháirtithe oideachais chun *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuairisc Chomhairleach* a chur i gcrích. Ina theannta sin, agus chun tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil do scoileanna agus do shuíomhanna le linn am an-dúshlánach dóibh, rinneamar mionathrú ar na teimpléid tuairiscithe *Mo Scéal*; thugamar treoir maidir le hullmhúchán do theagasc agus d'fhoghlaim i mbunscoileanna, thugamar samplaí d'obair an scoláire agus rudaí measúnaithe d'ábhair na sraithe sóisearaí; agus chuireamar le socruithe measúnaithe coigeartuithe do na scrúduithe Ardteistiméireachta don scoilbhliain 2021/2022. Bhí taighde i gcónaí mar thosaíocht ag CNCM le foilsiú an tríú tuarascáil do *Shaol Scoile Páistí* staidéar fadama de pháistí sa bhunscoil; cur i gcrích na chéad bhliana den staidéar ar thionchar agus cur i bhfeidhm *Chreat don tSraith Shóisearach*, agus tús á chur le taighde chun tacú le nuashonrú *Aistear*.

Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach obair rialachais chorparáidigh CNCM. Cuireadh dhá athbhreithniú de chuid na Comhairle i gcrích in 2021 - an féinathbhreithniú bliantúil a rinneadh le cúnamh ó Rialachas Éireann agus athbhreithniú straitéiseach seachtrach, a ndearna an Foras Riarachāin maoirseacht air. Rinneamar roinnt beartas de chuid na Comhairle a athbhreithniú agus a nuashonrú, lena n-áirítear an Beartas um Nochtuithe Cosanta, an Beartas um Shócmhainn Sheasta agus an Beartas um Sholáthar. Leanadh le tosaíocht a thabhairt d'fholláine foirne chun cabhrú le foireann fanacht nasctha agus tacaíocht a fháil go háirithe agus iad ag obair ón mbaile ar feadh tréimhsí fada. Ina theannta sin, tá Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Airgeadais le haghaidh 2021 agus ceanglais eile a ghabhann le Tuarascálacha Bliantúla, mar a leagtar amach iad sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016* le fáil mar aguisíní leis an tuarascáil.

Bhí an obair a rinneadh in 2021 déanta a bhuí le treoir straitéiseach agus tacaíocht leanúnach ónár gComhairle agus a boird ionadaíocha agus meithleacha forbartha, agus na grúpaí comhairleacha/sainghrúpaí a bunaíodh chun tacú le réimsí oibre ar leith. Mo bhuíochas freisin le hoifigigh ón Roinn Oideachais, le taighdeoirí agus na páirtithe leasmhara a chuir go mór le smaointeoireacht, plé agus díospóireachtaí a chuir cruth ar chomhairle curaclaim agus measúnachta in 2021. Mar atá a fhios againn, tagann an chomhairle sin chun cinn in idirghníomhaíochtaí agus i gcomhráite idir teagascóirí/cleachtóirí agus na daoine óga faoina gcúram. Tá na múinteoirí, cleachtóirí, ceannairí scoile, páistí, scoláirí agus a dtuismitheoirí a

roinneann a gcuid ama, a dtaithí, a saineolas agus a bpeirspictíochtaí le CNCM lárnach sna próisis forbartha curaclaim, agus gabhaim mo bhuíochas leo ar fad.

Ar deireadh, buíochas ó chroí le foireann CNCM. Leanadh in 2021 le leibhéil arda de lúfaireacht, cruthaitheacht agus freagrúlacht ó chomhghleacaithe ar fud na heagraíochta. Bhí éilimh agus dúshláin bhreise ann mar gheall ar athshannadh go dtí an FSS. Le linn an ama seo, léirigh an fhoireann solúbthacht, teacht aniar agus gairmiúlacht mar aon le tiomantas domhan agus diongbháilte lena chinntiú go mbainfidh gach duine óg tairbhe agus taithí as oideachas ábhartha, fiúntach agus taitneamhach.

Cé go bhfuil an Coróinvíreas fós linn go fóill, tá an bóthar os ár gcomhair níos dearfaí agus is tógáil croí dúinn go bhfuilimid ag breathnú chun cinn le dóchas agus le misneach, agus Tuarascáil Bhliantúil 2021 á cur i gcrích againn.

Arlene Forster
An Príomhfheidhmeannach

# Achoimre ar obair CNCM in 2021

Luath-Óige
Bunscoil
An tSraith Shóisearach
An tSraith Shinsearach
Trasearnála
Seirbhísí Corparáideacha

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

# Luath-Óige

## 01

### *Aistear*

- Céim 1 de chomhairliúchán ar *Aistear* a nuashonrú curtha i gcrích.
- Coimisiúnaíodh conarthaí chun dul i gcomhairle le babaithe, lapadáin agus páistí óga, agus chun léirmheas litríochta a dhéanamh a thacaíonn le nuashonrú *Aistear*.

## 02

### *Mo Scéal*

- Thugamar tacaíocht do thionscnamh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige *Bímis réidh don réamhscoil agus don scoil*, trí na teimpléid tuairiscithe *Mo Scéal* a athrú.
- Thugamar tacaíocht don Roinn Oideachais agus Eolaíochta, don Chigireacht agus do Luathóige Éireann as a gcuid oibre aistrithe.

## 03

### Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear (NSAI)

- We continued to support the NSAI by progressing materials for continuing professional development and resources for parents in a variety of languages.

## 04

### *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*

- Rinneamar iniúchadh ar an Treoir Chleachtais chun é a chur i gcomhréir lenár mBeartas um Chosaint Sonraí.
- Rinneamar acmhainní a nuashonrú sna 6 cholún cleachtais ar an suíomh gréasáin.
- Leanamar leis an tsraith 'FGL Bite-sized'.

## 05

### *Cruthaitheacht agus na healaíona*

- Rannchuidíomar leis an ngrúpa stiúrtha idirghníomhaireachta a bhí i mbun maoirseachta ar na healaíona a fhorbairt.

## 06

### *Meitheal Oibre Luathóige Rannpháirtíocht*

### *Saoránaigh*

- Chuireamar le meitheal oibre, faoi stiúir foireann Hub na nÓg de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, chun ábhair treorach a fhorbairt d'oideachasóirí luathbhlianta agus lucht cinnteoireachta eile a théann i gcomhairle le páistí ó bhreith go 5 bliana d'aois.

# Bunscoil

## 01

### Comhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*

- We completed Phase 1 of the consultation on the *Draft Primary Curriculum Framework*, involving meeting with 50+ stakeholder organisations, and publishing questionnaires and written submissions.
- We initiated Phase 2 of the consultation involving work with teachers, school leaders, parents and children in October 2021.

## 02

### Painéal Comhairleach (Bunscoil)

- We worked with the Advisory Panel (Primary) to publish their collaborative document Ó Chuspóir go Cleachtas.

## 03

### *Seimineáir de chuid 'Leading Out'*

- Éascaíodh seimineár *5 Leading Out* - Foghlaim ar fud an Chórais - i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí leasmhara.

## 04

### An Staidéar "Saol Scoile Páistí"

- • I gcomhar leis An gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, d'fhoilsíomar Tuairisc 3 den *Staidéar Saol Scoile Páistí* i mí na Samhna 2021.

## 05

### Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

- I gcomhar leis an Roinn Oideachais, an PDST, CNOS agus an Chigireacht d'fhoilsíomar *Treoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama* in Aibreáin 2021.
- Éascaíodh dhá sheimineár gréasáin chun tacú leis an treoir.

## 06

### Curaclam Teanga na Bunscoile

- Foilsíodh breis ábhair thacaíochta chun cabhrú le múinteoirí le haghaidh mhúineadh na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

# An tSraith Shóisearach

## 01

### Taighde

- Cuireadh i gcrích Bliain 1 de staidéar ilchineálach ceithre bliana chun tionchar agus cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach a fhiosrú.

## 02

### Curaclam

- Chuireamar i gcrích sonraíocht churaclaim 135 uair an chloig do Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí.
- Rinneamar gearrchúrsa OSSP na Sraithe Sóisearaí a athbhreithniú.
- Treoirlínte Folláine nuashonraithe foilsithe.

## 03

### Samplaí d'obair scoláirí

- D'fhorbraíomar, dhearbhaíomar a gcáilíocht agus d'fhoilsíomar samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i réimse leathan ábhar chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí.

## 04

### Measúnú

- Míreanna measúnachta samplacha le haghaidh ábhair Chéim 5 den tSraith Shóisearach (Teicneolaíocht Adhmaid, Grafaic Theicniúil, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Fheidhmeach agus Oideachas Reiligiúin) forbartha agus foilsithe.

# An tSraith Shinsearach

## 01

### An Ardteistiméireacht

- Cuireadh dréachtsonraíochtaí i gcrích le haghaidh Fhisic, Ceimic agus Bitheolaíocht na hArdteistiméireachta.
- Chuamar i gcomhairle leis na dréachtsonraíochtaí le haghaidh Araibis agus Teangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta.
- D'ullmhaíomar dréachtsonraíochtaí curaclaim i gcomhair Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1 le haghaidh scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus T2 le haghaidh scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) i gcomhair comhairliúcháin phoiblí.

## 02

### Coigeartuithe Measúnuithe

- I gcomhpháirtíocht le CSS agus leis an Roinn Oideachais, chuireamar leis na coigeartuithe a rinneadh mar chuid de na socruithe measúnaithe le haghaidh scrúduithe na hArdteistiméireachta don scoilbhliain 2021/22.

## 03

### Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí

- Trí struchtúir na Comhairle, d'oibríomar go dlúth leis na comhpháirtithe oideachais chun cur leis an dul chun cinn le hAthbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach.

# Trasearnála

## 01

### Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte / Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

- Chruthaíomar suíomh tairsí acmhainní OSPS/OCG do mhúinteoirí. D'fhoilsíomar ábhair thacaíochta do mhúinteoirí sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna.
- Thugamar faoi sheimineár gréasáin a óstáil i Meán Fómhair 2021.

## 02

### Cultúr agus Stair an Luchta Siúil

- Tosaíodh taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim faoi stair agus cultúr an Luchta Siúil sa churaclam.

## 03

### Cultúr Measúnaithe

- Chuireamar le páipéar seasaimh ar 'Chultúr Measúnaithe' tríd an Líonra Idirnáisiúnta um Mheasúnú Oideachais foilsithe.

# Seirbhísí Corparáideacha

## 01

### Struchtúir

Lean an Chomhairle agus a struchtúir lena n-obair churaclaim agus mheasúnaithe le linn na paindéime, agus iad ag aistriú chuig cruinnithe ar líne:

**7** gcruinniú den Chomhairle
**7** gcruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
**4** chruinniú den Choiste Rialachais
**82** cruinniú de Bhoird agus Meithleacha Forbartha agus Meithleacha Comhairleacha.

## 02

### Airgeadas

- Cuireadh cuntais bainistíochta ráithiúla le chéile agus d'fhaomh an Chomhairle iad.
- Faomhadh Ráitis Airgeadais do 2021, agus dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad i ndiaidh iniúchadh seachtrach.
- Rinneadh an Clár Riosca a nuashonrú, d'fhaomh an Chomhairle é agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht air ar bhonn leanúnach.

## 03

### Folláine

- Lean an grúpa oibre um Fholláine na Foirne ag cur folláine ghinearálta na foirne ar fud na heagraíochta chun cinn agus ag tacú léi agus béim ar leith ar nascanna le daoine a chaomhnú agus obair á déanamh ón mbaile.

## 04

### Forbairt Ghairmiúil

- Lean baill foirne ag baint úsáide as a lán deiseanna forbartha gairmiúla.
- Thug líon suntasach ball foirne faoi staidéar oideachais agus taighde iarchéime.

## 05

### Polasaithe a d'fhaomh an Chomhairle

- Síníodh Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais.
- Beartas um Shócmhainní Seasta nuashonraithe.
- Beartas um Nochtuithe Cosanta nuashonraithe.
- Beartas um Sholáthar nuashonraithe.
- Polasaí Bainistíochta Riosca nuashonraithe

## 06

### Cumarsáid

- D'fhill an nuachtlitir info@ncca agus roinneadh go forleathan í chun béim a tharraingt ar obair CNCM agus chun rannpháirtíocht a spreagadh i gcomhairliúcháin.

# 2. Dul chun cinn obair CNCM in 2021

## 1. Curaclam agus Measúnacht

*Cineálacha cur chuige nuálacha a cheapadh i leith cúrsaí curaclaim agus measúnachta ar mhaithe le rannpháirtíocht, forchéimniú, cáilíocht, cuimsitheacht agus leanúnachas idir na hearnálacha ar fad agus idir aistrithe oideachais.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | | Dul chun cinn in 2021 |
|---|---|---|
| 1.1 | Cuireann Aistear an bunús le haghaidh pleanála agus forfheidhmithe curaclaim i suíomhanna luath-oideachais ar fáil agus is é atá mar bhonn eolais faoi na cuir chuige oideolaíochta i luathbhlianta na bunscolaíochta.<br><br>Tá treoir *Aistear* don aoisghrúpa 0-3 bliana mar bhuntaca d'fhorbairtí le haghaidh an aoisghrúpa sin tríd an Tionscnamh Náisiúnta Aistear Síolta. | Rinneadh athnuachan ar acmhainní ar an Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*, lena n-áirítear leabhrán scileanna bunghluaiseachta, ionchur ó shaineolaithe ar uimhearthacht atá ag teacht chun cinn agus lucht ionchuir ar ábhair amhail litearthacht atá ag teacht chun cinn agus ráiteas curaclaim a fhorbairt.<br><br>Acmhainní nua ar shúgradh rioscach, téamaí *Aistear* agus ciseán ciste do bhabaithe a cuireadh leis an Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Bileog Eolais 'Faisnéis do Thuismitheoirí' de chuid Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear (TNSA) curtha chun cinn le haistriú go teangacha éagsúla.<br><br>Teimpléid *Mo Scéal* nuashonraithe chun tacú le haistriú chuig an naíonra agus chuig an mbunscoil mar chuid den dara bliain d'fheachtas *Bímis Réidh* na Roinne Páistí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.<br><br>Tús curtha le Céim 1 den chomhairliúchán ar *Aistear* á nuashonrú, le ceistneoirí do theagascóirí agus do thuismitheoirí agus teimpléad aighneachta foilsithe. Fócasghrúpaí ar líne do theagascóirí agus do lucht acadúil na luathbhlianta. |
| 1.2 | Tugtar isteach curaclaim nua le haghaidh teangacha (Béarla agus Gaeilge) agus matamaitice. | Tá síneadh curtha le hUirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile, Samplaí d'Fhoghlaim na bPáistí agus Ábhair Thacaíochta chun tacú le cur i bhfeidhm *Churaclam Teanga na Bunscoile* san áireamh.<br><br>Dréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile curtha i gcrích i gcomhair comhairliúcháin. |

| | | |
|---|---|---|
| | | 11 acmhainn tacaíochta le haghaidh Uirlisí Úsáide an Mhúinteora i gcomhair Mhatamaitic na Bunscoile curtha i gcrích i gcomhair comhairliúcháin. |
| 1.3 | Aontaíodh ar fhorbhreathnú don churaclam bunscoile athfhorbartha atá mar bhunchloch do chlár leathan forbartha curaclaim. | Céim 1 de chomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* curtha i gcrích.<br><br>Céim 2 de chomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* curtha i gcrích. |
| 1.4 | Táthar fós ag forbairt curaclaim nua agus á gcur i bhfeidhm don tsraith shóisearach mar chuid d'fhorbairtí na sraithe sóisearaí.<br><br>Tá iar-bhunscoileanna ag baint leas as an gCreat don tSraith Shóisearach mar bhunús do phleanáil agus cur i bhfeidhm a gclár don tsraith shóisearach. | Athbhreithniú ar ghearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí curtha i gcrích.<br><br>Sonraíocht curaclaim 135 uair maidir le Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí curtha i gcrích.<br><br>Treoirlínte Folláine Nuashonraithe foilsithe.<br><br>Athbhreithniú ar liosta téacsanna Bhéarla na Sraithe Sóisearaí curtha i gcrích.<br><br>Gearrchúrsa OSSP na Sraithe Sóisearaí athbhreithnithe agus foilsithe. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Aonaid Tosaíochta Foghlama Leibhéal 2: Na hEalaíona curtha i gcrích.<br><br>Tacaíocht tugtha do chur i bhfeidhm ábhair, gearrchúrsaí, CLF1anna agus CFL2anna na sraithe sóisearaí.<br><br>Tacaíocht agus aiseolas curtha ar fáil do scoileanna agus a gcuid gearrchúrsaí á bhforbairt acu don tSraith Shóisearach.<br><br>Socruithe athbhreithnithe do na Measúnuithe Rangbhunaithe foilsithe. |
| 1.5 | Tá athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí ar siúl, agus tá plean cuimsitheach d'fhorbairt agus athchóiriú i gcláir, curaclam, measúnacht, tuairisciú agus teastasú oideachais ar siúl freisin. | Dréachtsonraíochtaí curaclaim le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1 le haghaidh scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus T2 le haghaidh scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) curtha i gcrích.<br><br>Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach curtha i gcrích.<br><br>Dréachtsonraíochtaí agus comhairliúcháin do Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta curtha i gcrích. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Dréachtsonraíochtaí agus comhairliúcháin d'Araibis na hArdteistiméireachta curtha i gcrích.<br><br>Cuireadh dréachtsonraíochtaí i gcrích le haghaidh Fhisic, Ceimic agus Bitheolaíocht na hArdteistiméireachta agus ceadaíodh iad i gcomhair comhairliúcháin.<br><br>Tugadh ábhair nua isteach don Ardteistiméireacht, chomh maith le hábhair a ndearnadh athbhreithniú orthu le déanaí, agus tugadh tacaíocht do thuairisceoirí modúil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| 1.6 | Táthar ag cur cuir chuige nua i leith na measúnachta agus na tuairiscithe i bhfeidhm agus táthar ag tacú le hacmhainn oideachasóirí forbairtí sna réimsí seo a chur i bhfeidhm i scoileanna agus i suíomhanna eile. | Míreanna measúnachta samplacha le haghaidh ábhair Chéim 5 den tSraith Shóisearach (Teicneolaíocht Adhmaid, Grafaic Theicniúil, Miotalóireacht, Teicneolaíocht agus Oideachas Reiligiúnach) curtha i gcrích agus foilsithe.<br><br>Teimpléid shamplacha le haghaidh tuairiscí scoile 2021 curtha i gcrích agus foilsithe. |
| 1.7 | Tá samplaí a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe d'obair páistí/scoláirí ina léirítear na hionchais le haghaidh | Samplaí de shaothar scoláirí ó réimse ábhar agus gearrchúrsaí sraithe sóisearaí bailithe, a gcáilíocht dearbhaithe agus iad foilsithe. |

| | | |
|---|---|---|
| | foghlaimeoirí agus a chuireann le tuiscint chomhroinnte ar chaighdeáin ar fud an chórais oideachais le fáil i sonraíochtaí curaclaim agus measúnachta. | |
| 1.8 | Léirítear béim láidir ar an leanúnachas, tuiscint ar phríomhchéimeanna aistrithe, agus fócas ar ghnéithe choitianta, sna forbairtí curaclaim agus measúnachta ag leibhéil luathóige, bhunscoile agus iar-bhunscoile. | Foilsíodh suíomh tairsí acmhainní agus uirlisí úsáide ar líne chun tacú le teagasc Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna. |

## 2. Rannpháirtíocht agus Comhoibriú

*Dul i mbun oibre le múinteoirí, le cleachtóirí agus le foghlaimeoirí agus lenár gcomhpháirtithe san oideachas chun an cumas chun athraithe a neartú, chun modhanna oibre a mhúnlú agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an churaclaim agus na measúnachta agus faoina feidhmiú.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2021 |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| 2.1 | Tá CNCM ag oibriú le cleachtóirí, grúpaí agus líonraí ar smaointe, ábhar agus tionscnaimh chun tacú lena n-acmhainneacht féin agus le hacmhainneacht scoileanna agus suíomhanna eile i bhforbairt curaclaim, i gcleachtas measúnachta agus le hathruithe oideachais níos leithne. | Rinneadh obair le hiar-bhunscoileanna a bhain le forbairtí i measúnú, tuairisciú agus folláine sa tSraith Shóisearach agus forbairtí ar ghnéithe den tSraith Shinsearach.<br><br>Seimineár gréasáin ar cheannaireacht curaclaim do cheannairí scoile lárnaigh i mbunscoileanna taifeadta le húsáid ag Lárionad Ceannaireachta Scoile.<br><br>Seimineár gréasáin eolais do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ar Threoirlínte Folláine Nuashonraithe na Sraithe Sóisearaí taifeadta i gcomhar leis An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí.<br><br>Seimineár gréasáin eolais ar OSPS/OCG do bhunscoileanna, na scoileanna speisialta agus na hiar-bhunscoileanna curtha i gcrích agus foilsithe.<br><br>Ateagmháil leis an bhFóram Scoileanna tar éis scoileanna breise a earcú.<br><br>Foilsíodh níos mó samplaí d'fhoghlaim trí chódú sa bhunscoil. |

| | | |
|---|---|---|
| 2.2 | Tacú le forbairt agus gníomhaíochtaí na líonraí comhpháirtíochta a bhunaigh eagraíochtaí eile le bheith mar bhonn eolais faoi fhorbairtí curaclaim agus measúnachta san oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile. | Éascaíodh Seimineár 5 *Leading Out* (Foghlaim ar fud an Chórais) i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara. |
| 2.3 | Tá guth agus taithí na bhfoghlaimeoirí mar chuid den phlé agus den chomhairliúchán a dhéantar ar fhorbairtí sa churaclam agus sa mheasúnacht. | Leanadh leis an tacaíocht le haghaidh earnáil BOO, Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha, agus le haghaidh Ionaid Oideachais Chorcaí agus Luimnigh maidir le cleachtas 'guth an scoláire' a leabú i roinnt scoileanna.<br><br>Bronnadh conradh le haghaidh comhairliúcháin le páistí, lapadáin agus páistí beaga mar chuid de nuashonrú *Aistear*. |
| 2.4 | Tá an teagmháil agus na caidrimh chomhoibríocha atá ag CNCM le raon eagraíochtaí agus ranna rialtais ag cur feabhas ar thuiscint agus caighdeán na bhforbairtí curaclaim agus measúnachta agus an tsamhail, nó an cur chuige a ghlactar, chun iad a chur i bhfeidhm. | Freastalaíodh ar chruinnithe Grúpa Stiúrtha, Grúpa Tionscnaimh agus Grúpa Forbartha Acmhainní de chuid Thionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear* (TNSA).<br><br>Glacadh páirt i nGrúpa Maoirseachta chun tacú leis an RLCMLÓ ar an tuairisc tíre ECFE *Quality Beyond Regulation*. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Foilsíodh dhá alt le Luath-Óige Éireann (LÓE) maidir le *Tacú le hAistrithe chuig an mBunscoil*.<br><br>Rannpháirtíocht chomhoibríoch le PDST agus CNOS a raibh siompóisiam roinnte ar an iomchuimsiú ag an Ochtú Comhdháil Oideachais Matamaitice mar thoradh uirthi, le foilseachán ina dhiaidh sin ar pháipéar na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.<br><br>Comhoibriú leis an Roinn Oideachais, an PDST, CNOS agus an Chigireacht chun Treoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt curtha i gcrích.<br><br>Tugadh cabhair don Roinn Oideachais treoir a fhorbairt chun tacú le hathoscailt scoileanna.<br><br>Comhoibriú le comhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus CSS ar Shocruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta in 2021.<br><br>Tacaíodh le hobair roinnt grúpaí Stiúrtha agus Teicniúla de chuid na Roinne Oideachais. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Rinneadh freastail ar chruinnithe Cara Criticiúil don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí chun tacú le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach.<br><br>Freastalaíodh ar chruinnithe idirghníomhaireachta chun tacú le cur i bhfeidhm sonraíochtaí nua Eacnamaíochta agus Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta. |
| 2.5 | Thacaigh comhoibriú straitéiseach idir CNCM agus gníomhaireachtaí forbartha curaclaim agus measúnachta eile le forbairtí curaclaim agus measúnachta i dTuaisceart Éireann, i bPoblacht na hÉireann agus san Eoraip. | Bhí comhoibriú agus rannpháirtíocht leanúnach leis an gComhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe.<br><br>Páipéar seasaimh ar 'Chultúr Measúnaithe' tríd an Líonra Idirnáisiúnta um Mheasúnú Oideachais foilsithe.<br><br>Cuireadh tús le forbairt páipéar seasaimh ar 'Ghuth an Scoláire i bpróisis mheasúnaithe' tríd an Líonra Idirnáisiúnta um Mheasúnú Oideachais.<br><br>Leanadh le rannpháirtíocht ar líne le CIDREE (Cuibhreannas d'institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip). |

| | | |
|---|---|---|
| | | Tacaíocht curtha ar fáil maidir le dearadh de Thimpeallán Eolais mar chuid de ghníomhaíochtaí CIDREE. |

## 3. Eolas agus Taighde

*Eolas agus taighde a ghiniúint, a úsáid agus a roinnt ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnachta i ngach suíomh oideachais.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | | Dul chun cinn in 2021 |
|---|---|---|
| 3.1 | Tá fianaise agus taighde mar bhonn eolais faoi fhorbairtí curaclaim agus measúnachta. | *Saol Scoile Páistí sa Naíonáin Shóisearacha*, an 3ú tuarascáil ón staidéar *Saol Scoile Páistí* foilsithe.<br><br>Bunaíodh Painéal Comhairleach Acadúil chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú agus athfhorbairt an churaclaim bunscoile agus rinneadh forbairt ar dhoiciméad comhoibríoch.<br><br>Rinneadh dul chun cinn leis an tuairisc ar an tSraith Seimineáir *Leading Out*.<br><br>Tosaíodh taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim faoi stair agus cultúr an Luchta Siúil sa churaclam. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cuireadh tús le hanailís ar na sonraí ar Bhliain 1 den staidéar fadama chun Tionchar agus Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach a fhiosrú.<br><br>Cuireadh tús le staidéar comparáideach de churaclaim Bhéarla ar fud na ndlínsí.<br><br>Iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta ar an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) curtha i gcrích.<br><br>Bronnadh conradh chun léirmheas litríochta a dhéanamh a thacaíonn le nuashonrú *Aistear*. |
| 3.2 | Cuireann rannpháirteachas agus rannpháirtíocht i líonraí taighde bonn eolais faoi fhorbairtí curaclaim agus measúnachta. | Glacann CMCN páirt i gcuibhreannas *Research Alive* (leis an gComhairle Mhúinteoireachta, leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus leis an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama ag an Tríú Leibhéal) chun tacú le rannpháirtíocht múinteoirí i dtaighde tríd an ardán T-REX.<br><br>Rannpháirtíocht i bpróisis phiarmheasúnaithe thar réimse foilseacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta. |

| | | |
|---|---|---|
| | | D'fhreastalaíomar ar chruinniú bliantúil de Líonra Idirnáisiúnta um Mheasúnú Oideachais. |
| 3.3 | Tá torthaí taighde ar fáil, inrochtana agus scaipthe ar dhaoine a bhfuil suim acu san oideachas, i gceapadh beartais agus sa mheastóireacht. | Foilsíodh torthaí ó thaighde (tá breac-chuntas orthu in 3.1) i bhformáidí atá inrochtana go héasca lena n-áirítear tuarascálacha iomlána, achoimrí feidhmiúcháin, cuir i láthair agus podchraoltaí.<br><br>Bhí torthaí ó thaighde a coimisiúnaíodh mar bhonn is mar thaca don phlé a bhí ag Meithleacha Forbartha, Boird agus Comhairle CNCM agus don obair leanúnach atá ar bun againn le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha.<br><br>Cuirtear caibidil faoi *Mo Scéal* san áireamh san fhoilseachán Routledge arna chur in eagar ag na hOllúna Sue Dockett agus Bob Perry.<br><br>Féach chomh maith Aguisín 2. |
| 3.4 | Scaiptear torthaí taighde agus eolas nua agus déanann foireann CNCM iad a cheistiú mar chuid lárnach den obair a dhéanann siad. | D'fhreastail foireann CNCM ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir ar líne ar raon ceisteanna a bhaineann le curaclam agus measúnacht, a d'éascaigh cainteoirí náisiúnta/idirnáisiúnta. |

| | | |
|---|---|---|
| | | D'fhreastail foireann CNCM ar comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus/nó chuir siad páipéir ar thaighde agus cleachtas oideachais i láthair acu. Tá sonraí na bpáipéar a cuireadh i láthair le fáil in Aguisín 2.<br><br>Scaipeadh nuashonrú ar gach ceann de na forbairtí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha chuig gach ball foirne ar bhonn rialta.<br><br>Reáchtáladh Lá Taighde Foirne i Márta 2021 maidir le ceisteanna eiticiúla i dtaighde le páistí, lena n-áirítear ceardlann ar Ráiteas Eiticiúil CNCM a fhorbairt. |

## 4. Cumarsáid

*Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar obair agus gaiscí CNCM, agus iad a chur i láthair agus a roinnt ar bhealach éifeachtach, cumas na Comhairle a fheabhsú le dul i ngleic le daoine eile chun athrú san oideachas a stiúradh agus a thacú.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | | Dul chun cinn in 2021 |
|---|---|---|
| 4.1 | Scaiptear príomhtheachtaireachtaí ar athruithe oideachais go hinmheánach agus go seachtrach ag úsáid straitéis agus próiseas meán atá éifeachtach.<br><br>Bíonn freagairtí agus ionchur CNCM eolasach agus tráthúil.<br><br>Cuimsíodh feasacht chumarsáide i ngach réimse d'obair CNCM. | Leanadh ag cur suirbhéanna ar líne (an suíomh gréasáin), na meáin shóisialta (Twitter, Facebook agus Instagram) agus gnéithe ar líne (cruinnithe déthaobhacha, grúpaí fócais) san áireamh chomh maith le roghanna le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn.<br><br>Baineadh úsáid éifeachtach as na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí tábhachtacha faoi fhorbairtí agus comhairliúchán curaclaim a chur in iúl agus chun rannpháirtíocht níos leithne ag imeachtaí CNCM a spreagadh.<br><br>Forbraíodh físeán agus úsáideadh é chun cumarsáid a dhéanamh go forleathan faoin dearadh nuashonraithe ar an gcomhairliúchán |

| | | |
|---|---|---|
| | | maidir le *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* mar fhreagairt ar an bpaindéim.<br><br>Tugadh freagairtí tráthúla ar cheisteanna ó na meáin faoi fhorbairtí éagsúla agus cuireadh baill foirne faoi agallamh ar an raidió agus ar an teilifís. Leanamar ar aghaidh leis an mbeartas atá againn freagairt d'iarratais ó stáisiúin raidió áitiúla, nuair is féidir.<br><br>Athbhunaíodh nuachtlitir an CNCM info@ncca chun príomhtheachtaireachtaí maidir lenár n-obair a roinnt agus chun béim a leagan ar dheiseanna rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara i bpróisis CNCM.<br><br>Bhí ailt san áireamh sna foilseacháin ghairmiúla chun aird a tharraingt agus chun rannpháirtíocht a spreagadh le próisis *Aistear* a Nuashonrú. |
| 4.2 agus 4.3 | Tá suíomhanna gréasáin CNCM nuashonraithe agus déantar iad a choinneáil de réir riachtanais an chórais, aiseolais ó chustaiméirí, staitisticí maidir le húsáid | Foilsíodh sonraíochtaí curaclaim nua, ábhair tacaíochta agus tuairiscí bainteach leo agus nuashonruithe ar líne i measc na n-earnálacha ar fad agus i measc na bpríomhshuíomhanna gréasáin ar fad: ncca.ie, curriculumonline.ie agus aistearsiolta.ie. |

| | | |
|---|---|---|
| | ghréasáin, agus forbairtí sna meáin ar líne agus sna meáin shóisialta. | Caomhnaíodh rochtain ar ábhar an tsuímh ghréasáin agus cothaíodh an fheidhmiúlacht is gá dó sin agus cuireadh feabhas air i roinnt áiteanna.<br><br>Áiríodh anailísíocht ar chumarsáid ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta i dTuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le haghaidh na Comhairle agus úsáideadh í chun feabhsuithe ar an suíomh gréasáin a threorú.<br><br>Rinneadh cothabháil agus nuashonrú ar shuíomh gréasáin Threoir Chleachtais *Aistear Síolta*, lena n-áirítear iniúchadh ar ailíniú idir an Ghaeilge agus an Béarla ar an suíomh gréasáin. |

## 5. Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha

*Struchtúir, próisis, scileanna agus inniúlachtaí rialachais agus eagraíochtúla na Comhairle a fhorbairt i mbealach éifeachtach chun fís na heagraíochta a bhaint amach.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | | Dul chun cinn in 2021 |
|---|---|---|
| 5.1 | Tacaíonn struchtúir agus próisis na heagraíochta le forbairt curaclaim agus measúnachta atá nuálach agus le cleachtais oibre chomhoibríocha. | Bhí struchtúir agus nósanna imeachta, lena n-áirítear Meithleacha Forbartha nua, i bhfeidhm don obair ar churaclam agus measúnacht.<br><br>Rinneadh cothabháil agus forbairt bhreise ar SharePoint ag úsáid spásanna cruinnithe ar líne agus uirlisí comhoibríocha chun cleachtais oibre éifeachtúla agus éifeachtacha ar líne a éascú.<br><br>Forbraíodh prótacail TF lena chinntiú go ndearnadh cruinnithe fíorúla le rannpháirtithe seachtracha de réir na mbeart rialaithe a taifeadadh sa chlár riosca. |

| | | |
|---|---|---|
| | | I ngeall ar phaindéim COVID-19, baineadh úsáid as teicneolaíochtaí cruinnithe ar líne sa rannphháirtíocht agus sna cruinnithe chun leanúint d'obair churaclaim agus mheasúnaithe. |
| 5.2 | Tá an t-eolas agus na hinniúlachtaí forbartha ag foireann CNCM a theastaíonn chun comhairle nuálacha curaclaim agus measúnachta a fhorbairt agus tacú lena tabhairt isteach i scoileanna agus i suíomhanna eile. | Forbairt ghairmiúil atá ceangailte le hinniúlachtaí a aithníodh sa phróiseas bainistíochta feidhmíochta ar thug an fhoireann faoi.<br><br>Tháinig méadú ar rannphháirtíocht na foirne i staidéir ghairmiúla, iarchéime agus taighde.<br><br>Leanadh d'obair an Ghrúpa Straitéise Taighde inmheánaigh, agus mar chuid de soláthraíodh forbairt ghairmiúil don fhoireann ar ghnéithe den taighde. |
| 5.3 | Tá cultúr feidhmíochta, ina ndírítear ar luachanna dearfacha, comhoibriú, tacaíocht, cumhachtú agus folláine na foirne, le fáil ar fud na heagraíochta. | Lean an Grúpa Oibre um Fholláine na Foirne ag cur folláine ghinearálta na foirne chun cinn ar fud na heagraíochta agus thacaigh sé léi, go háirithe de bharr a bheith ag obair ón mbaile.<br><br>Tháinig torthaí iontacha chun cinn tar éis páirt a ghlacadh i Suirbhé Rannphháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Bhuail grúpa Filleadh ar an Áit Oibre le chéile chun tacú le filleadh ar na hoifigí tar éis deireadh a chur le srianta na paindéime.<br><br>Leanadh d'Fhorbairt agus de Bhainistíochta Feidhmíochta fad is a bhí cianobair ar siúl agus cuireadh an bhéim ar thacaíocht a thabhairt don fhoireann atá ag obair ón mbaile. |
| 5.4 | Tá córas láidir bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. | I measc na nósanna imeachta maidir le deireadh na míosa, tá tuarascáil réitigh a ndéanann an lucht ardbhainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú uirthi.<br><br>Cuireadh cuntais bainistíochta ráithiúla le chéile agus d'fhaomh an Chomhairle iad.<br><br>Cuireadh an tacaíocht riachtanach uile ar fáil don iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Úsáideadh spás slán ar líne chun an t-iniúchadh a éascú ag teacht le treoirlínte sláinte poiblí.<br><br>Faomhadh na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, agus dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad i ndiaidh iniúchadh seachtrach a rinneadh ar líne i rith na paindéime. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cuireadh próisis athbhreithnithe maidir le buiséad agus meastacháin i bhfeidhm in 2020, lena n-áirítear anailís athraithis sna cuntais bainistíochta ráithiúla.<br><br>Forbraíodh córas nua ordaithe ceannaigh (PO) freisin, a thacaíonn le soláthar, cuntais agus sócmhainní seasta.<br><br>Rinneadh forbairt ar chóras chun tacú le hobair Choimisiúnaithe agus cuireadh i bhfeidhm é. |
| 5.5 | Táthar ag cloí go hiomlán le ceangail rialachais na gcomhlachtaí stáit, agus leis an gcód cleachtais le haghaidh comhlachtaí stáit. | Rinneadh athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe i bhfeidhm.<br><br>Tugadh ar aird freisin na ceanglais bhreise sa Chód Cleachtais i ndáil le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú agus ionchorpraíodh iad i bpróisis agus i dtuairisciú.<br><br>Rinneadh na próisis soláthair a reáchtáil i gcomhréir le treoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais agus Plean Soláthair Chorparáidigh CNCM 2018-2021.<br><br>Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2020. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Rinneadh an Clár Riosca a nuashonrú, d'fhaomh an Chomhairle é agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht air ar bhonn leanúnach. Rinneadh nuashonrú ar rioscaí mar léiriú ar phaindéim COVID-19.<br><br>D'fhaomh an Chomhairle Beartas um Nochtadh Cosanta nuashonraithe.<br><br>D'fhaomh an Chomhairle Beartas um Shócmhainní Seasta mar aon le Beartas um Sholáthar nuashonraithe.<br><br>Síníodh Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais. |
| 5.6 | Déantar caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt agus a fheabhsú. | Rinneadh athbhreithniú ar an tseirbhís do chustaiméirí agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun an tseirbhís a choimeád ag imeacht i rith na paindéime. Rinneadh athbhreithniú ar bheartas Seirbhíse do Chustaiméirí agus Cairt do Chustaiméirí. |
| 5.7 | Chomhlíon an CNCM gach comhaontú agus plean forbartha ábhartha de chuid na hearnála poiblí. | Cuireadh aon bhearta riachtanacha i bhfeidhm d'fhonn cloí leis an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, 2014–2016, agus leis an bPlean Athnuachana don Státseirbhís. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cuireadh na beartais Acmhainní Daonna agus gach beartas státseirbhíse ábhartha eile i bhfeidhm agus cloíodh leo. Cuireadh treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le gnóthaí Acmhainní Daonna i rith na paindéime i bhfeidhm de réir mar is gá. |

# 3. Maidir le CNCM

Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a bhfuil sé mar dhualgas aici comhairle a chur ar an Aire Oideachais faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luathóige, agus do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Cuirtear roinnt faisnéis chúlra faoin gComhairle, a ballraíocht, a struchtúir eagraíochtúla agus a maoiniú i láthair na huaire ar fáil sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil.

### FÍS

Leagtar amach fís do CNCM inár bPlean Straitéiseach 2019-2021:

Nuálaíocht cheannródaíoch san oideachas chun foghlaim, maireachtáil agus oibriú i ndomhan atá ag athrú.

### MISEAN

Déantar achoimre ar chur chuige na Comhairle i leith na hoibre a dhéanann sí ina misean:

- Comhairle a chur ar an Aire Oideachais i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnachta san oideachas luath-óige anonn go dtí deireadh an dara leibhéal
- Dul i bpáirt le foghlaimeoirí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí agus grúpaí/daoine eile chun tacú le nuáil sna scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile
- Taighde a dhéanamh, a úsáid agus a roinnt mar bhonn le comhairle agus plé ar chúrsaí oideachais.

### RIALACHAS

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi Acht Oideachais, 1998. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in Alt VII den Acht. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus freagrach as rialachas maith a chinntiú. Tugann an Chomhairle faoin tasc sin ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach príomhréimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir

laethúil CNCM. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus tá orthu a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM.

## FREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE

Leagtar amach obair agus freagrachtaí na Comhairle san Acht Oideachais, 1998 (Alt VII), agus sa sceideal a ghabhann leis. Is iad seo a leanas na cúrsaí a ndéanann an Chomhairle amháin cinntí ar a son:

- faomhadh gach sonraíochta curaclaim agus measúnachta agus creata curaclaim.
- faomhadh cáipéisí comhairliúcháin.
- faomhadh treoracha agus straitéisí beartais.
- faomhadh pleananna straitéiseacha agus pleananna oibre bliantúla.
- faomhadh tuarascálacha bliantúla.
- faomhadh cuntas bainistíochta ráithiúil agus ráiteas airgeadais bliantúil.
- faomhadh aon athrú suntasach i mbeartais nó i nósanna imeachta cuntasaíochta.
- faomhadh an Ráitis Bhliantúil ar Rialú Inmheánach.
- faomhadh an Ráitis Rialachas bhliantúil agus Thuarascáil na gComhaltaí Boird.
- faomhadh na gconarthaí a bhronntar a mbaineann luach €50,000 nó níos mó leo.
- faomhadh beartas bainistíochta riosca.

• faomhadh na dtéarmaí tagartha agus ceapachán ar aon fhochoiste de chuid na Comhairle m.sh. an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

• faomhadh chun Boird agus Meithleacha Forbartha a bhunú.

• faomhadh cheapachán na gCathaoirleach Bord lena n-áirítear Boird don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach.

• faomhadh comhthofa comhaltaí ar Bhoird.

• faomhadh chun téarma Boird, Meithle Forbartha nó fochoiste a shíneadh, i gcás ina dtagann fadhbanna chun cinn a dteastaíonn cruinniú uathu le linn na tréimhse aistrithe le haghaidh cheapadh na Comhairle nua.

• faomhadh Buanorduithe.

Tá na míreanna seo a leanas i measc na mbuanmhíreanna a ndéanann an Chomhairle breithniú ar a son:

- dearbhú leasanna
- tuairiscí ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- tuairiscí ó fhochoistí na Comhairle.

Cuirtear tuairiscí airgeadais agus bainistíochta le chéile agus déanann an Chomhairle breithniú orthu ar bhonn ráithiúil. Déantar an Plean Oibre agus an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phlean Oibre a bhreithniú go bliantúil. Déantar cúrsaí forchoimeádta a bhreithniú nuair a thagann siad chun cinn.

Ceanglaítear ar an gComhairle faoi Alt VII (46) den Acht Oideachais, 1998, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an ioncam go léir a gheobhaidh sí agus ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sí a chóiméad, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceanglaítear ar CNCM na rudaí seo a leanas a dhéanamh nuair atáthar ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais cuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach sa chás go bhfuil sé míchuí le toimhdiú go leanfaidh sí a bheith i bhfeidhm agus
- a dhearbhú cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar a staid airgeadais, le cruinneas réasúnta maith uair ar bith, agus a chuireann ar chumas na Comhairle a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt VII (46) den Acht Oideachais, 1998. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin CNCM. Cinntíonn an Chomhairle go bhforáiltear le haghaidh iniúchadh inmheánach agus go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht air. Feidhmíonn an tIniúchóir Inmheánach neamhspleách ar an bhFeidhmeannas[1] san obair iniúchta a dhéanann sé agus tá cearta rochtana aige ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Feidhmíonn sé laistigh den bhuiséad a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, buiséad atá mar chuid de bhuiséad CNCM dá réir. Leagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad amach don Iniúchadh Inmheánach, ag cur scála agus acmhainní CNCM san áireamh.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugadh faoi mheasúnú ar fheidhmíocht CNCM faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil freisin.

Tá an Chomhairle freagrach as a sócmhainní a chosaint freisin, agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Rinne an Chomhairle na ráitis airgeadais le haghaidh 2021 a bhreithniú agus tugtar le fios gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na beartais airgeadais riachtanacha a leagtar amach thuas. Tugtar deimhniú ar bhainistíocht airgeadais agus rialú inmheánach cuí laistigh de CNCM sna

[1] Tá an téarma 'Feidhmeannas' in úsáid sa tuarascáil chun tagairt a dhéanamh d'fhoireann lánaimseartha CNCM.

ráitis sin. Measann an Chomhairle go bhfuil léargas cothrom agus fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais CNCM, amhail an 31 Nollaig 2021, i ndréachtráitis airgeadais neamhiniúchta CNCM.

## STRUCHTÚR NA COMHAIRLE

Tá Cathaoirleach amháin, beirt Leas-Chathaoirleach agus 22[2] gnáthchomhalta ar an gComhairle, agus ceapann an tAire Oideachais na daoine sin uile ar bhonn ainmniúcháin a fhaightear ó cheardchumainn múinteoirí, boird bhainistíochta, eagraíochtaí tuismitheoirí agus tionscail agus eagraíochtaí eile.

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D., ar an 10 Aibreán 2019, gur ceapadh Comhairle nua ar feadh téarma trí bliana go dtí an 28 Feabhra 2022. Cheap an tAire Oideachais, Norma Foley T.D. Comhairle nua le héifeacht ón 1 Márta 2022. Buaileann an Chomhairle le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana de ghnáth. Tionóladh seacht gcruinniú ar an iomlán in 2021.

Leagtar amach an tréimhse cheapacháin do na comhaltaí reatha sa tábla thíos mar a bhí an 31 Nollaig 2021:

***Comhaltaí na Comhairle 2021***

| **Ainm** | **An Eagraíocht Ainmnithe** *(nuair is infheidhme)* | **An Dáta ar Ceapadh i dtosach é nó í** | **An Dáta (na dátaí) ar Athcheapadh é nó í** |
|---|---|---|---|
| An tOll. Mary O'Sullivan, Cathaoirleach | An tAire Oideachais agus Scileanna | 1 Bealtaine 2019 | |

2 23 comhalta le héifeacht ón 26 Aibreán 2022.

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Dr Deirbhile Nic Craith,<br><br>Leaschathaoirleach | Cumann Múinteoirí Éireann | 13 Meitheamh 2010 | 25 Meitheamh 2015<br>1 Márta 2019 (mar Leas-Chathaoirleach) |
| An Dr Michael Redmond,<br><br>Leaschathaoirleach | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Aibreán 2015 | 1 Márta 2019 |
| Áine O Sullivan | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Ed Byrne | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 18 Aibreán 2019 | |
| Máire Ní Chiarba | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| Fergal Kelly | Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Joyce Perdue | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Orlaith O'Connor | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 9 Meán Fómhair 2019 | |
| Anne McHugh | Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire | 1 Márta 2019 | |
| Edel Ní Chorráin | Foras na Gaeilge | 1 Márta 2019 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tUasal Claire McGee | Ibec | An 1 Márta 2019 go dtí an 1 Nollaig, 2021 | |
| Meadhbh Costello | Ibec | An 1 Nollaig 2021 | |
| An tUasal Brian Tubbert | Comhdháil na gCeardchumann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Michael Delargey | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile | 1 Aibreán 2010 | 25 Meitheamh 2015<br>1 Márta 2019 |
| An tUasal Carmel Browne | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Joe McKeown | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Patricia Gordon | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Márta 2019 | |
| An Dr Finn Ó Murchú | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta | 1 Márta 2019 | |
| Áine Lynch | Comhairle na dTuismitheoirí, Bunscolaíocht | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Geoff Browne | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Iar-bhunoideachais) | 1 Márta 2019 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Dr Teresa Hagan | Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Phil Lynch | Ainmní an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige | 1 Márta 2019 go dtí Eanáir 2021 | |
| An Dr Sheila Garrity | Ainmní an Aire Páistí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | 2021 | |
| Elaine Sheridan | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | An 1 Nollaig 2021 | |
| An tUasal David Duffy | Aontas Múinteoirí Éireann | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Liz Farrell | Aontas Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | |

## COTHROMAÍOCHT INSCNE I MBALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE

Ar an 31 Nollaig 2021, bhí 15 (62.5%) chomhalta ban agus 9 (37.5%) gcomhalta fear ag an gComhairle, agus bhí folúntas amháin ann.

Níor bhain an Bord amach dá bhrí sin, amhail an 31 Nollaig, sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne sa bhallraíocht ar Bhoird Stáit.

## SOLÁTHAR GLAS AGUS ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Tá treochlár leagtha amach ag Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 de chuid an Rialtais chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht a bhaint amach roimh 2050 ar a dheireanaí. Beidh an Earnáil Phoiblí ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla san aistriú seo trí astaíochtaí a laghdú faoi 51% faoi 2030, lena n-áirítear fostaithe san earnáil phoiblí a shainordú bogadh go 20% obair ó bhaile agus cianobair.

Tá freagracht ar CNCM, mar chuid den earnáil phoiblí, soláthar glas a chur chun cinn chun tacú le haidhmeanna forbartha inbhuanaithe níos leithne agus timpeallachta na hÉireann.

Sa chomhthéacs seo, thug CNCM faoi roinnt tionscnamh in 2021 chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh:

- Coimisiúnaíodh Iniúchóireacht Fuinnimh SI426 a rinne comhairleoir faofa de chuid SEAI.

- Tuairiscíodh sonraí faoi ídiú fuinnimh tríd an gcóras SEAI Monatóireacht agus Tuairisciú. Cuireadh na sonraí riachtanacha faoi bhráid ag na spriocdhátaí.

- Cothabháil shonrach de chórais téimh agus aerchóirithe déanta chun caighdeán aeir a fheabhsú agus éifeachtúlacht a mhéadú.

- Cuireadh tús le bolgán solais atá tíosach ar fhuinneamh a chur isteach in ionad bolgáin solais níos sine.

- Priontáil agus postas laghdaithe trí sholáthar na meán leictreonach.

## COMHIONANNAS AGUS CEARTA DAONNA

Bhunaigh roinn 42 d'Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí chun:

- deireadh a chur le leithcheal
- comhionannas deise agus caitheamh le gach duine ar bhonn cothrom a chur chun cinn
- cearta daonna a chosaint

Ciallaíonn an méid sin go bhfuil dualgas dlíthiúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, lena n-áirítear CNCM, comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a sheachaint agus cearta duine a chuid fostaithe a chosaint chomh maith le custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine lena mbaineann a mbeartais agus a bpleananna. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo, ar a dtugtar Dualgas Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta neamhspleách amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle faoina freagrachtaí maidir le ceisteanna riosca, rialaithe, rialachais agus an dearbhú a bhaineann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Reáchtáladh 7 gcruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2021 agus comhchruinniú breise den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Rialachais. Ba chruinnithe fíorúla iad na cruinnithe seo, a tionóladh ar líne mar gheall ar shrianta COVID-19.

Ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca reatha ar an 20 Meitheamh 2019 ar dtús báire agus Etain Doyle, an Cathaoirleach, Geoff Browne, Teresa Hagan, Anne McHugh agus Joe McKeown, ina gcomhaltaí air. Bhí Joe McKeown ina Chathaoirleach ó mhí Aibreáin 2020. Tháinig Joan O'Connor isteach mar chomhalta neamhspleách ó mhí Aibreáin 2020, in ionad Etain Doyle.

## AN COISTE RIALACHAIS

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Rialachais. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle maidir le ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, mar aon le dea-chleachtas a ghlacadh i leith an rialachais.

Ceapadh an Coiste Rialachais reatha ar an 20 Meitheamh 2019 ar dtús báire ar a bhfuil Deirbhile Nic Craith (Cathaoirleach), Michael Delargey, Áine Lynch agus Áine O'Sullivan. D'fhaomh an Chomhairle Dermot O'Riordan mar chomhalta seachtrach den Choiste Rialachais ar an 24 Meán Fómhair 2020.

Reáchtáladh 4 chruinniú den Choiste Rialachais in 2021 agus 1 comhchruinniú amháin bhreise den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus den Choiste Rialachais. Ba chruinnithe fíorúla iad na cruinnithe seo, a tionóladh ar líne mar gheall ar shrianta COVID-19.

## SCEIDEAL TINRIMH, TÁILLÍ AGUS COSTAS

Leagtar amach thíos sceideal de thinreamh ag cruinnithe de chuid na Comhairle agus na gCoistí in 2021 agus áirítear leis na costais a fuair gach comhalta. Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle agus na gCoistí táillí as a bheith rannpháirteach sa Chomhairle:

| Ainm | Líon Cruinnithe de chuid na Comhairle | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Rialachais | Costais (ní íoctar aon táillí le comhaltaí na Comhairle)[3] |
|---|---|---|---|---|
| An tOll. Mary O'Sullivan | 7 | | | €60.18 |
| An Dr Deirbhile Nic Craith | 7 | | 5 | |
| An Dr Michael Redmond | 6 | | | |
| Áine O Sullivan | 7 | | 5 | |
| An tUasal Ed Byrne | 7 | | | |
| Máire Ní Chiarba Uas. | 6 | | | |

[3] Baineann na costais uile a shonraítear le taisteal intíre agus ní bhaineann siad le tinreamh ag cruinnithe de chuid na Comhairle amháin. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach i struchtúir eile de chuid na Comhairle amhail na Boird uileghabhálacha don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach. D'fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mBoird Agallaimh CNCM le haghaidh baill foirne nua freisin. Tagraítear d'iomlán na rannpháirtíochta sin sna costais seo.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Fergal Kelly | 6 | | | |
| An tUasal Joyce Perdue | 7 | | | |
| An tUasal Orlaith O'Connor | 7 | | | |
| An tUasal Anne McHugh | 7 | 7 | | €287.59* |
| Edel Ní Chorráin | 7 | | | |
| Meadhbh Costello | 1 | | | |
| An tUasal Claire McGee | 5 | | | |
| An tUasal Brian Tubbert | 7 | | | |
| An tUasal Michael Delargey | 6 | | 4 | |
| An tUasal Carmel Browne | 7 | | | |
| An tUasal Joe McKeown | 6 | 8 | | |
| An tUasal Patricia Gordon | 7 | | | |
| An Dr Finn Ó Murchú | 6 | | | |
| Áine Lynch | 7 | | | |
| An tUasal Geoff Browne | 4 | 5 | | |
| An Dr Teresa Hagan | 6 | 6 | | |
| An Dr Sheila Garrity | 2 | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Elaine Sheridan | 1 | | | |
| An tUasal David Duffy | 7 | | | |
| An tUasal Liz Farrell | 7 | | | |
| | | | | |
| An tUasal Joan O'Connor (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) | Ní bhaineann le hábhar | 5 | | |
| An tUasal Dermot O'Riordan (An Coiste Rialachais) | Ní bhaineann le hábhar | | 5 | |
| Iomlán | | | | €347.77 |

*Baineann sé le taisteal oifigiúil a rinneadh roimh dhianghlasáil COVID-19

## PRÍOMHATHRUITHE PEARSANRA

Ar na hathruithe maidir leis an bhFeidhmeannach tá ceapachán an Dr Patrick Sullivan an 8 Meitheamh go post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh. Áiríodh ar athruithe eile i measc baill foirne ar iasacht/ar conradh triúr Oifigeach Oideachais a ceapadh an 1 Meán Fómhair:

- Donna Carolan (Forbairtí Bunscoile)
- Deirdre Ní Fhearghail (Teanga Bhunscoile – Gaeilge)
- Maria Kelly (Bunscoileanna - OSPS/OCG).

Tharla athrú ar an bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha an 5 Feabhra nuair a ceapadh Bernard Plunkett do phost Oifigeach um Acmhainní Daonna (post a cruthaíodh tar éis ardú céime Áine Armstrong Farrell go Ceann na Seirbhísí Corparáideacha in 2020).

## Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a áirithiú gur chomhlíon CNCM ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.

## Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma a fhaigheann Fostaithe

Leagtar amach thíos na socair ghearrthéarma a fhaigheann fostaithe atá níos mó ná €60,000; i gcás CNCM, tagraíonn an méid sin d'fhigiúirí tuarastail amháin.

| Ó | Go | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €69,999 | 8 | 8 |
| €70,000 | €79,999 | 3 | 3 |
| €80,000 | €89,999 | 13 | 19 |
| €90,000 | €99,999 | 10 | 3 |
| €100,000 | €109,999 | 0 | 1 |
| €110,000 | €119,999 | 0 | 0 |
| €120,000 | €129,999 | 0 | 0 |
| €130,000 | €139,999 | 0 | 0 |
| €140,000 | €149,000 | 0 | 1 |
| €150,000 | €159,999 | 1 | 0 |

## An Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle sna príomhréimsí chun an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Leanfar ar aghaidh ag obair ar ghnéithe áirithe den Chód Cleachtais san fhorbairt, athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanfar ar

bheartais sa tréimhse amach romhainn. Cuireadh obair i gcrích in 2021 ar bheartais nuashonraithe i dtaca le Soláthar, Sócmhainní Seasta, Fáilteachas agus Taisteal agus Nochtuithe Cosanta. Rinneadh Plean Leanúnachais Gnó a dhréachtú, a fhaomhadh agus a chur i bhfeidhm.

Tá Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta i bhfeidhm idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus CNCM, agus clúdaítear cúrsaí rialachais, feidhmíochta, maoinithe agus caidrimh tuairiscithe ann. Maidir le forálacha an Chóid nár cheart d'aon chomhalta Boird Stáit breis agus dhá théarma iomlána ceapacháin a fhónamh ar an mBord sin, nó nár cheart dó/di ceapacháin a bheith aige/aici ar bhreis agus dhá Bhord Stáit, ag an am céanna, tá cleachtas seanbhunaithe ann nach mbaineann na forálacha seo le CNCM nuair a ainmníonn eagraíochtaí ball foirne ag a bhfuil freagrachtaí díreacha i réimsí forbartha curaclaim agus beartais churaclaim ina eagraíocht féin, agus, dá bharr sin, daoine a rachadh a saineolas chun tairbhe gach duine ábhartha sa chomhthéacs sin.

Rinne an Chomhairle féinmheasúnú ar a héifeachtacht, lena n-áirítear suirbhé a d'éascaigh eagraíocht neamhspleách ag tús 2021 agus athbhreithniú seachtrach dá héifeachtacht a rinne foras neamhspleách ag deireadh 2021.

## COSTAIS AGUS SOCRAÍOCHTAÍ DLÍTHIÚLA

Níor thabhaigh CNCMaon chostais ná socraíochtaí dlíthiúla in 2020 de réir na dtéarmaí a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tabhaíodh táillí dlí €11,544 (2020: €13,268.15) le haghaidh comhairle ghinearálta faoi athbhreithniú beartais.

## COSTAIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Áirítear costais a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta i gcostais chomhairliúcháin agus ní áirítear na feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a cuireadh amach ar conradh in 2021, agus tabhaíodh iad le haghaidh comhairle ghinearálta.

## TÁILLÍ GAIRMIÚLA AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla eile | 39,939 | 59,278 |
| Táille iniúchta | 14,000 | 14,000 |
| Táille iniúchóireachta inmheánaí | 7,841 | 9,031 |
| Comhairliúchán (taighde a coimisiúnaíodh le haghaidh obair churaclaim agus mheasúnachta) | 516,356 | 663,851 |
| **Iomláin** | **578,136** | 737,129 |

## CAITEACHAS FÁILTEACHAIS

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar costais fáilteachais a rangú mar chostais Inmheánacha (imeachtaí foirne, scoir, srl.) agus mar chostais Sheachtracha (cainteoirí comhdhála a thagann ar cuairt, cruinnithe le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta comhionanna, srl.).

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Inmheánach | 3,014 | 4865 |
| Seachtrach | 1,600 | 8152 |
| **Iomláin** | **4,614** | **13,017** |

## Cosaint Leanaí

D'fhorbair CNCM nósanna imeachta agus treoirlínte don fhoireann maidir le cosaint leanaí agus gnóthaí leasa mar chuid de na ceanglais a achtaíodh in 2017 faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú in Nollaig 2021 ar an Ráiteas um Chosaint Páistí de chuid CNCM, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin ar www.ncca.ie. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann.

## Foireann

Tá foireann fheidhmeannach lánaimseartha ag CNCM a bhíonn faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, Arlene Forster. Ba é seo a leanas an fhoireann in 2021:

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:**

Arlene Forster

**Na Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:**

Barry Slattery

Patrick Sullivan (ón 8 Meitheamh 2021)

**Stiúrthóirí, Curaclam agus Measúnacht:**

Jacqueline Fallon

Derek Grant

Ben Murray

Elaine Ní Neachtain

Evelyn O'Connor (Gníomhach)

Aoife Rush

Patrick Sullivan (go dtí an 7 Meitheamh 2021)

**Seirbhísí Corparáideacha:**

Áine Armstrong-Farrell, Leas-Phríomhoide

Maura Dee, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

Bernard Plunkett, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (ón 5 Feabhra 2021)

Ann Young, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

Morgan Lockhart, Oifigeach Feidhmiúcháin

Deirdre Dunne, Oifigeach Feidhmiúcháin

Alan Cooling, Oifigeach Cléireachais

Rosaleen Daly, Oifigeach Cléireachais

Bernie Gallagher, Oifigeach Cléireachais

Ger Heffernan, Oifigeach Cléireachais

**Oifigigh Oideachais:**

John Behan

Paul Behan

Ciara Blennerhassett

Fred Boss

Donna Carolan (ón 1 Meán Fómhair 2021)

Tracy Curran

Lara Dabbagh

Mary Daly

Margaret Flood

Annette Honan

Maria Kelly (ón 1 Meán Fómhair 2021)

David King

Paul Knox (go dtí an 21 Feabhra 2021)

Rachel Linney

Hannagh McGinley

Diarmuid Mooney

John Moriarty

Susan Nic Réamoinn (go dtí an 13 Lúnasa 2021)

Deirdre Ní Fhearghail (ón 1 Meán Fómhair 2021)

Dónal Ó Buachalla

Gillian O’Connor

Louise O’Reilly

Ger O’Sullivan

Jacinta Regan

Tony Riley

Sinéad Ruane

Sinéad Tuohy

Mary-Elaine Tynan

**Oifigeach Náisiúnta Forbartha Aistear:**

Lorraine Farrell

## Boird agus Grúpaí Forbartha

Déanann an Chomhairle dul chun cinn ar a cuid oibre trí raon Bord agus Meithleacha Forbartha a bhunaítear i gcomhar leis na heagraíochtaí a ndéanann an Chomhairle ionadaíocht ar a son agus le gníomhaireachtaí eile mar is cuí. Thionóil an Chomhairle 90 cruinniú de na grúpaí sin in 2021 agus bhí a bhformhór ar siúl ar líne mar gheall ar threoirlínte sláinte phoiblí mar fhreagairt ar an bpaindéim. Tá liosta de na cruinnithe a reáchtáladh in 2021 le fáil in Aguisín a hAon.

## Airgeadas

Ba é €5,926,589 ioncam iomlán na Comhairle in 2021. Fuarthas príomh-mhaoiniú dar luach €5,815,389 ón státchiste, tríd an Roinn Oideachais.

Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear do CNCM na míreanna seo a leanas:

- Tuarastail na foirne
- Costais a bhaineann le fhoireann saineolaithe a choimisiúnú chun tacú le hobair na Comhairle
- Forbairt ghairmiúil
- Foilseacháin agus na meáin dhigiteacha, lena n-áirítear profáil, dearadh, grianghrafadóireacht, priontáil agus aistriúchán
- Taighde

- Costais a bhaineann le cruinnithe na Comhairle, a Bord agus a Meithleacha Forbartha, lena n-áirítear áiseanna comhdhála a fháil ar cíos agus costais taistil agus chothabhála
- Costais riaracháin amhail cothabháil agus trealamh oifige, stáiseanóireacht, postas, teileafón, cíos, soilsiú agus teas
- Costais a bhaineann le comhdhálacha agus imeachtaí CNCM
- Cothabháil agus forbairt TF
- Idirghníomhaíocht idirnáisiúnta lena n-áirítear táillí ballraíochta le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail CIDREE (Cuibhreannas d'Institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip) agus *Association for Educational Assessment, Europe* (IAEA).
- Fógraíocht.

Foilseofar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 nuair a chuirfidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil i gcrích.

# Aguisín 1: Cruinnithe CNCM in 2021

| Grúpa | Líon Iomlán na gCruinnithe (*Líon na gcruinnithe fíorúla i lúibíní*) |
|---|---|
| **Leibhéal na Luath-Óige agus Leibhéal na Bunscoile** | |
| Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil | 5 (5) |
| An Mheitheal Forbartha do Theanga sa Bhunscolaíocht | 1 (1) |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Mhatamaitic na Bunscoile | 1 (1) |
| Meitheal Forbartha OSPS/OCG, Bunscoil | 6 (6) |
| An Grúpa Comhairleach Bunscoile | 8 (8) |
| **Iar-bhunscoil** | |
| An Bord don tSraith Shóisearach | 5 (5) |
| An Bord don tSraith Shinsearach | 6 (6) |
| Meitheal Forbartha na Bitheolaíochta | 7 (7) |
| Meitheal Forbartha na Fisice | 6 (6) |
| Meitheal Forbartha na Ceimice | 6 (6) |
| Grúpa Cleachtais Eolaíochta Talmhaíochta | 1 (1) |

| | |
|---|---|
| Meitheal Forbartha Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí | 5 (5) |
| Meitheal Forbartha Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta | 7 (7) |
| Meitheal Forbartha Araibis na hArdteistiméireachta | 6 (6) |
| Meitheal Forbartha OSPS/OCG, Iar-bhunscoil | 7 (7) |
| | |
| **Trasearnála** | |
| Sainghrúpa Chultúr agus Stair an Luchta Siúil | 3 (3) |
| Páistí atá faoi Choinneáil agus Páistí i gCúram Grúpa Comhairleach | 2 (2) |
| **Líon iomlán na Meithleacha** | **17** |
| **Líon iomlán na gCruinnithe** | **82** |
| **Ar Cruinnithe Fíorúla a bhí sa líon iomlán** | **82** |

# Aguisín 2: Cuir i láthair CNCM (rogha) in 2021

Tá rogha de na cuir i láthair agus na páipéir a cuireadh ar fáil, agus na ceardlanna a d'éascaigh foireann CNCM in 2021 le fáil sa tábla thíos.

| **Imeacht/Eagraíocht** | **Téama/Teideal** |
|---|---|
| Líonra na bPríomhoidí CNS - Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) | Na Torthaí ó Thuairisc ar an 'Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna' agus réamhrá ar uirlisí úsáide OSPS |
| Cur i láthair don Aire agus oifigigh sa Roinn Oideachais | Cur i láthair ar an *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach Tuarascáil Chomhairleach.* |
| Cúrsa *Practice of Looking* ar líne | Úsáid féideartha de Mhodheolaíocht Straitéisí Smaointeoireachta Amhairc san oideachas |
| Staidéir Iarchéime i Meánbhainistíocht agus Meantóireacht, MIC Durlas | CNCM agus a Churaclam agus obair Mheasúnachta |
| Scoil Samhraidh SEF (ar líne) | Ag tacú leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil |
| Cigireacht na Luathbhlianta | Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile |
| Coláiste Hibernia | Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile |
| Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann | Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile agus Saol Scoile Páistí |

| | |
|---|---|
| Lárionad Ceannaireachta Scoile | Ceannaireacht Curaclaim agus oideolaíochta ag Meánbhainisteoirí i mBunscoileanna |
| CIDREE (Cuibhreannas d'institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip) | Litearthacht Dhigiteach i gcuraclam na hÉireann - cur i láthair atá ag fairsingiú |
| Comhdháil Oideachais Matamaitice Éireann | Curaclam Matamaitice na Bunscoile a fhorbairt atá cothrom, inrochtana agus ionchuimsitheach |
| Comhdháil Chruthaitheach don Óige | Cruthaitheacht agus an Nasc chuig ár dTodhchaí |
| Toscaireacht na Slóvaice | Forbairtí Curaclaim agus Measúnachta in Éirinn ag barr na bunscolaíochta agus bun na hiar-bhunscolaíochta |

# Aguisín 3: Tuarascáil ar nochtadh cosanta

Chuir CNCM nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh, agus forbraíodh na nósanna imeachta sin i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus d'fhaomh an Chomhairle iad. Leagtar amach iontu mioneolas ar an bpróiseas faoinar féidir nochtadh cosanta a dhéanamh agus gach a tharlóidh nuair a dhéantar nochtadh.

Tá tiomantas láidir ag CNCM do chinntiú go spreagann, go n-éascaíonn agus go dtacaíonn an cultúr agus an timpeallacht oibre inti le gach uile fhostaí agus gach duine atá bainteach le hobair CNCM le 'labhairt amach' faoi aon fhadhb a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas na Comhairle a róil agus a freagrachtaí a chomhlíonadh ar an ardchaighdeán lena mbítear ag súil leis.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA COMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA I gCOMHRÉIR LE hALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus an gníomh a glacadh ina leith (má glacadh aon ghníomh). Níor cheart go mbeifear in ann daoine a dhéanann nochtadh a aithint mar thoradh ar an tuarascáil seo.

**Tuarascáil CNCM don bhliain 2021**

| An bhliain lena mbaineann an Nochtadh | Nochtadh nó Nochtadh ar Bith |
|---|---|
| 2021 | Nochtadh ar Bith |

# Aguisín 4: An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## RAON NA FREAGRACHTA

Aithním, thar ceann na Comhairle Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), freagracht na Comhairle le háirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an Chomhairle na ceanglais atá uirthi faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Dearadh, leabaíodh agus forfheidhmíodh an córas rialaithe inmheánaigh le cuidiú le hobair agus rialachas corparáideach na heagraíochta a bhainistiú go caighdeán cuí. Dearadh é le rioscaí a bhainistiú go leibhéal atá cuibheasach ach ní féidir leis deireadh iomlán a chur le rioscaí. I mbeagán focal, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta, agus ní absalóideach, a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbheartaí údaraithe agus taifead cuí orthu, agus go ndéantar aon earráid ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a aimsiú go tráthúil agus a leasú/a bhainistiú ansin.

## CNCM AGUS AN CÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tugann an Chomhairle faoina hobair ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach réimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM. Cloíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus áirithíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM. Oibríonn an fhoireann bainistíochta ansin le foireann Stiúrthóirí (Curaclam agus Measúnú) agus le foirne earnála ar a bhfuil Oifigigh Oideachais agus an Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha chun an Plean Straitéiseach agus Plean Oibre Bliantúil na Comhairle a chur i bhfeidhm, agus iad ag

obair laistigh de na rialuithe a leagtar amach chun obair na heagraíochta a bhainistiú agus cáilíocht obair na Comhairle a chinntiú.

Cuireann CNCM comhairle ar fáil don Aire Oideachais maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam. Forbraítear an chomhairle sin trí Thaighde, Comhairliúchán, Machnamh agus Líonrú. Tá córais rialaithe cáilíochta i bhfeidhm chun an chomhairle sin a fhorbairt:

- neartaíonn fianaise thaighde, cleachtadh maith agus taithí idirnáisiúnta an chomhairle sin
- bíonn an chomhairle sin bunaithe ar na cainteanna agus ar an bplé a bhíonn ag an gComhairle lena Boird agus Meithleacha Forbartha
- bíonn tionchar ag an aiseolas a fhaightear ó chomhairliúcháin leis an bpobal, scoileanna, suíomhanna luathóige, leasanna oideachasúla agus dreamanna eile ar an gcomhairle
- tugann líonraí scoileanna agus suíomhanna luathóige aiseolas ar na smaointe agus cuir chuige éagsúla atá á bhforbairt agus cuireann siad samplaí praiticiúla ar an bhfoghlaim agus an teagasc agus ar obair an scoláire ar fáil.

Cuidíonn siad sin uile le háirithiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir le cáilíocht na comhairle curaclaim agus measúnachta atá i gcroílár obair na Comhairle.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM a scaiptear ar an bhfoireann. Áirítear leo sin beartais ar airgeadas, Acmhainní Daonna, soláthar agus bainistiú riosca. Tá córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, atá ceangailte le socruithe bainistíochta líne, i bhfeidhm don fhoireann agus tá foráil le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach mar chuid de.

Tá CNCM á maoiniú go príomha ag an Roinn Oideachais. Tá an Chomhairle freagrach as an bPlean Oibre bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh, agus leithdháiltear agus caitear cistí de réir thosaíochtaí na Comhairle. Ullmhaíonn an gnólacht cuntasaíochta Harney Nolan Business Advisors ráitis airgeadais bhliantúla na Comhairle agus tá siad faoi réir iniúchadh

seachtrach a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugann an Chomhairle faoi athbhreithniú éifeachtachta ar bhonn rialta.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag CNCM don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag CNCM ar a bhfuil ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht na heagraíochta. Go háirithe, féachann an Coiste lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Bhuail an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 8 n-uaire in 2021.

## RIALÚ INMHEÁNACH

Bhunaigh CNCM feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cuirtear an obair a bhaineann leis an iniúchadh inmheánach amach ar conradh agus ba é Crowleys DFK a rinne athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha in 2021 agus a thuairiscigh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tarraingíodh aird ar neart gnéithe dearfacha de thimpeallacht rialaithe inmheánaigh CNCM sa tuarascáil 'Review of the System of Internal Control, 2021', a réitigh Crowleys DFK. Tuairiscíodh toradh amháin a bhí ar ardriosca maidir le ceist CBL faoi fhálacha inphobail atá

réitithe roimh an iniúchadh le linn 2021 le cúnamh agus comhoibriú iomlán leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Aithníodh gearríocaíocht CBL ar roinnt fálacha inphobail le linn na bliana. Cuireadh isteach dhá thuairisceán arís chuig na Coimisinéirí Ioncaim, agus íocadh CBL €7,018 sa bhreis leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2021.

Ina theannta sin, íocadh ús (€1,009) agus pionóis (€351) freisin, €1,360 ar an iomlán. Léirigh na pionóis gur thug CNCM comhoibriú iomlán dóibh.

Bhí CBL féin-dhearbhaithe maidir leis na fálacha inphobail, ach rinneadh gearríocaíocht ar roinnt idirbheartaíochtaí mar gheall ar mhíthuiscint a bhain le háireamh gné amháin

Tá na céimeanna seo a leanas tógtha ag CNCM chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh a aithníodh le linn an athbhreithnithe

- Iarradh sainchomhairle chun freagracht CNCM a shoiléiriú maidir le fálacha inphobail.

- Tá féinathbhreithniú de ghníomhaíochtaí agus de phróisis faoi lán seoil chun comhlíonadh iomlán a chinntiú.

- Tá oiliúint aitheanta don fhoireann agus breis tacaíocht a iarradh ó chuntasóirí CNCM Harney Nolan maidir leis an réimse seo.

Fanann CNCM tiomanta dlíthe cánacha a chomhlíonadh agus go mbeidh comhoibriú iomlán i gceist leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis sin.

Fuarthas amach mar chuid den tuarascáil go bhfeidhmíonn an chuid is mó de na rialuithe a ndearnadh tástáil orthu ar bhealach éifeachtach agus gur féidir deimhniú réasúnta a chur ar leordhóthanacht agus feidhmiú na rialuithe inmheánacha chun príomhrioscaí a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Moladh roinnt gnéithe rialaithe nach mór aird a thabhairt orthu in 2021 sa tuarascáil, lena n-áirítear 3 nós imeachta níos fearr chun monatóireacht a dhéanamh ar

shócmhainní seasta, 3 nós imeachta feabhsaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar thráthúlacht íocaíochtaí taistil agus cothabhála agus nósanna imeachta níos fearr maidir le doiciméid agus próisis a bhaineann le soláthar.

Táthar ag dul i ngleic le moltaí na tuarascála sa chomhthéacs seo faoi láthair agus réiteofar na hábhair atá i gceist le linn 2022, a luaithe is a cheadófar sin leis na treoirlínte sláinte phoiblí i roinnt cásanna.

Tugadh ar aird gur cuireadh moill ar roinnt gníomhaíochtaí in 2020 amhail fardal sócmhainní seasta i ngeall ar COVID-19 agus gur dúnadh oifigí dá bharr sin agus go dtosófaí orthu arís ar bhonn tosaíochta de réir mar a cheadódh treoirlínte sláinte phoiblí.

San athbhreithniú a rinne Crowley DFK, áfach, in 2020 chuir siad rompu go sonrach breithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialuithe inmheánacha bunaithe le béim shonrach ar mhíonna a bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm. Dúirt siad ina gconclúid

> *“san athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe airgeadais inmheánacha i rith na bliana 2020 breithníodh tuilleadh an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar thimpeallacht rialaithe CNCM. I gcomhthéacs ár n-athbhreithnithe [raon mar atá mionsonraithe i gcuid a dó de thuarascáil 2020], tugann torthaí ár dtástálacha le fios i bhformhór cásanna, gur leanadh de rialuithe a chur i bhfeidhm mar a bhí beartaithe i rith srianta gluaiseachta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar an bpaindéim.”*

Agus ag leanúint ar aghaidh leis an méid sin, chuir Crowleys DFK san áireamh go sonrach sa raon d’athbhreithniú 2021 comhlíonadh le Beartais agus Nósanna imeachta Airgeadais le linn Shrianta COVID-19. Mar a luadh cheana, ba é an cumas fardal sócmhainn seasta a chur i gcrích an t-aon rialú a aithníodh a raibh tionchar díreach aige air.

Réiteoidh CNCM aon fhadhbanna a aimsíodh san iniúchadh seachtrach freisin agus cinnteofar nach dtarlóidh siad arís. Déanfaidh lucht bainistíochta CNCM monatóireacht ghéar ar na cúrsaí seo agus déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar an obair

leantach a bhaineann leis na míreanna a tháinig chun cinn ón iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a dhul chun cinn.

Cuirtear acmhainní ar fáil don iniúchadh inmheánach, mar is gá, i bhfianaise an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíocht agus méid na heagraíochta tríd is tríd.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá beartas bainistíochta riosca ag CNCM ina n-áirítear ráiteas inghlacthachta riosca, an creat bainistíochta riosca, agus sonraí ar róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca agus d'fhaomh comhairle CNCM é in 2020. Tá clár riosca i bhfeidhm ar a n-aithnítear nádúr na rioscaí do CNCM agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an príomhoifigeach riosca, na húinéirí riosca, lucht bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár riosca a athbhreithniú agus monatóireacht ar an mbainistíocht riosca ag gach ceann dá gcuid cruinnithe. Tá bainistíocht riosca ina hábhar ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid na Comhairle freisin. Úsáidtear torthaí an athbhreithnithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal cuí.

Roinntear na freagrachtaí idir an fhoireann uile sa bheartas agus i mbeartas bainistíochta riosca, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca, an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Fhoireann Stiúrtha, Foireann na Seirbhísí Corparáideacha agus na hOifigigh Oideachais. Eisíodh an beartas don fhoireann uile agus táthar ag súil go n-oibreodh sí laistigh de bheartais bainistíochta riosca CNCM agus an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon rioscaí nó laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú ar an gclár riosca agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhall foirne ar leith ann freisin. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh gach ceann de na príomhnósanna imeachta ghnó a dhoiciméadú.
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhréire.

- tá córas buiséadaithe feidhmeach ann agus buiséad bliantúil aige a leagtar amach i bPlean Oibre bliantúil CNCM, agus déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air agus cuirtear feabhsuithe i bhfeidhm air mar is cuí.
- tá córais ann agus á bhforbairt a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- rinneadh na córais atá ann chun sócmhainní a chosaint a nuashonrú agus tá clár inchuardaithe sócmhainní agus conarthaí mar chuid de na córais sin agus sannadh na freagrachtaí áirithe
- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtrach, trí Chomhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse a úsáid, rialú sásúil ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar na deontaithe d'fhonn a áirithiú gur úsáideadh an maoiniú deontais don chuspóir dar bronnadh é.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh, agus don Lucht Bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a ghabhann leo agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aimsíodh
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i measc na bhfoirne earnála, foirne tionscadal sonrach agus fhoireann na seirbhísí corparáideacha áit a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta cheana féin
- tugtar faoi athbhreithnithe rialta ag cruinnithe den fhoireann bainistíochta ar fheidhmíocht ráithiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, ina sonraítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamh-mheastachán, agus

- rinneadh athbhreithniú breise ar rioscaí, rialuithe, buiséid agus réamh-mheastacháin agus rinneadh coigeartuithe nuair ba chuí i bhfianaise na n-athruithe ar leibhéil ghníomhaíochta i ngeall ar COVID-19.
- agus, déanann an lucht ardbhainistíochta maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí a thagann chun cinn ó thuarascálacha na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

## TUARASTAIL AGUS PÁ

Íoctar baill foirne CNCM trí na córais phárolla arna reáchtáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), an Roinn Oideachais (ROS), agus Boird Oideachais agus Oiliúna áirithe (BOOnna) mar seo a leanas:

- Íocann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP), atá mar chuid de ONSC, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, státseirbhísigh bhunaithe agus roinnt ball foirne ar conradh.
- Íocann Párolla Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoileanna ROS baill foirne ar iasacht ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- Íocann an BOO ábhartha fós baill foirne ar iasacht ó na BOOanna.

Íocann CNCM go díreach as obair arna coimisiúnú ag speisialtóirí ábhair agus daoine eile le cabhair ó sholáthraí seirbhíse párolla (Smith and Williamson).

Baintear amach deimhniú maidir leis na rialuithe gaolmhara atá i bhfeidhm trí iniúchadh inmheánach agus seachtrach in CNCM agus na heagrais ghaolmhara. Tá Comhaontú Bainistíochta Seirbhísí Fostaithe, Meabhrán Tuisceana agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm le ONSC.

## SOLÁTHAR

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar a áirithiú.  Tá Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don tréimhse 2018–2021 agus forbrófar plean nua don tréimhse 2022-2025.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú agus rialú rioscaí.  Tá an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, an t-iniúchóir seachtrach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an fhoireann ardbhainistíochta in CNCM atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, mar bhuntaca leis an monatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann CNCM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021. Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na torthaí ar athbhreithniú inmheánach agus thuairiscigh siad na torthaí ar a athbhreithniú don Chomhairle le machnamh a dhéanamh orthu.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021 ar an (28 Feabhra, 2022). Bhí an t-athbhreithniú a rinne an Coiste mar bhonn eolais faoin athbhreithniú sin.

## FADHBANNA MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Níor aimsíodh aon laige sa rialú inmheánach in 2021 a chaithfear a nochtadh sna ráitis airgeadais.

An tOll. Mary O'Sullivan

Cathaoirleach